Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8126/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0088 (NLE)**

**ECOFIN 456**
**UEM 142**
**FIN 523**
***ECB***
***EIB***

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 162 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 162 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 162 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.4.2026
COM(2026) 162 final

2026/0088 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge

{SWD(2026) 113 final}

2026/0088 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Danmhairg an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 9 Samhain 2023[3], an 10 Nollaig 2024[4] agus an 8 Iúil 2025[5].

(2) An 2 Márta 2026, rinne an Danmhairg iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar thoradh ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Danmhairg.

***Leasuithe ar bhonn Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Danmhairg isteach mar thoradh ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 12 bheart.

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

[2] Féach doiciméid ST 10154/21 INIT; ST 10154/21 ADD 1 ag https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/.

[3] Féach doiciméid ST 14473/23 INIT; ST 14473/23 ADD 1 ag https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/.

[4] Féach doiciméid ST 15877/24 INIT; ST 15877/24 ADD 1 ag https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/.

[5] Féach doiciméid ST 10522/25 INIT; ST 10522/25 ADD 1 ag https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/.

(4) Mhínigh an Danmhairg go bhfuil ceithre bheart ann nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, mar thoradh ar mhoilleanna nach raibh coinne leo. Baineann an méid sin le bearta C2.R1 (Ithreacha atá ar mhórán carbóin), C2.I6 (Láithreáin thionsclaíocha agus talamh éillithe a athshlánú), C5.I7 ((Infheistíochtaí i gcosáin rothar ar bhóithre stáit agus i scéim fóirdheontais rothar do bhardais) agus C8.I5 (Beart méadaithe: Éifeachtúlacht fuinnimh in earnáil na tionsclaíochta). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Danmhairg go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Mhínigh an Danmhairg go bhfuil ocht mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann an méid sin le bearta C2.I5 (Teicneolaíochtaí aeráide sa talmhaíocht), C3.I3 (Athchóirithe fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí), C3.I4 (Éifeachtúlacht fuinnimh i dteaghlaigh), C6.R1 (Straitéis dhigiteach), C8.R1 (Foireann Náisiúnta Géarchéime Fuinnimh (NEKST)), C8.I1 (Scagadh ar limistéir le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta sa Danmhairg), C8.I2 (Uas-sciliú glas) agus C8.I3 (Dóirí ola agus foirnéisí gáis a athsholáthar). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Danmhairg go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an Danmhairg úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh leis an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a mhéadú. Baineann an méid sin le bearta C3.I4 (Éifeachtúlacht fuinnimh i dteaghlaigh) agus C5.R1 (Athbheartú tosaíochta a dhéanamh ar cháin chlárúcháin feithiclí agus ar cháin íseal leictreachais ar luchtú feithiclí leictreacha). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Danmhairg go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a mhéadú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(8) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 68,1 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, agus 91,9 % de chostais iomlána mheasta na mbeart sa chaibidil REPowerEU, costais arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

(9) Tar éis na leasuithe a mhol an Danmhairg ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tháinig laghdú ar an rannchuidiú le cuspóirí aeráide ó 69 % go 68.1 %. An laghdú ar an rannchuidiú le cuspóirí aeráide, léiríonn sé an laghdú ar an gcomhéifeacht clibeála

aeráide agus an laghdú ar leibhéal cur chun feidhme bheart C8.I5 (Beart méadaithe: Éifeachtúlacht fuinnimh in earnáil na tionsclaíochta). Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe sin difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

*Costáil*

(10) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid chostais iomlána mheasta an phlean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) réasúnta agus inchreidte, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(11) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais le haghaidh na mbeart atá ann cheana a raibh measúnú costais nua i gceist leis na modhnuithe a rinneadh orthu, léirítear go bhfuil formhór na gcostas réasúnta agus inchreidte. Ina theannta sin, tá údar cuí leis na hathruithe sna meastacháin ar chostais na mbeart modhnaithe agus tá siad comhréireach leis na spriocanna athbhreithnithe, agus dá bhrí sin ní athraítear réasúnaíocht agus inchreidteacht na meastachán sin ar chostais i gcomparáid leis an bplean bunaidh. Ar deireadh, tá méid chostas iomlán measta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

*Aon chritéar measúnaithe eile*

(12) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Danmhairg chun cinn difear don mheasúnú dearfach maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ST 10154/21 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (f), (g), (h), (j) agus (k).

*Measúnú dearfach*

(13) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuireann an tAontas ar fáil le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(14) Is é EUR 1 781 489 765 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Danmhairge. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Danmhairg, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle[6], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Danmhairge, ba cheart gurbh é EUR 1 625 890 885 a bheadh i gceist léi. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Danmhairg.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán.

(16) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí ón Aontas a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Danmhairge a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge mar a leanas:

cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Ríocht na Danmhairge a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[6] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).